

Clár

1.	Cad é cuspóir an Chomhaontaithe?	3
2.	Cé a chlúdaítear faoin gComhaontú seo?	3
3.	Cén íocaíochtaí a chlúdaítear faoin gComhaontú?	4
4.	Cén tír a bhfuil ranníocaíochtaí slándála sóisialaí dlite di?	5
5.	Conas is féidir liomsa tairbhe a bhaint as an gComhaontú	6
6.	Cén tír a dhéanann na híocaíochtaí slándála sóisialaí?	6
7.	An n-imríonn an Comhaontú tionchar ar aon íocaíochtaí a d'fhéadfainnse a fháil ó thír eile?	9
8.	An féidir liom aon sochair bhreise a fháil le pinsean Éireannach?	9
9.	Conas a fhaighim m'íocaíocht?	9
10.	Cén áit ar féidir liom a thuilleadh eolais a fháil?	11

Eanáir 2009

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló.

1. Cad é cuspóir an Chomhaontaithe?

Is é príomhchuspóir an Chomhaontaithe chun cearta leasa shóisialaigh daoine a chosaint a d'oibrigh in Éirinn agus i Manainn agus Oileáin Mhuir nlochta agus a d'íoc ráta iomlán agus /nó ranníocaíochtaí mionathraithe slándála sóisialaí ann. Ceadaíonn an Comhaontú do na daoine sin tréimhse na ranníocaíochtaí i ngach áit a chur le chéile, más gá, chun cháiliú d'íocaíocht slándála sóisialaí faoi dhlí na hÉireann nó an Ríochta Aontaithe.

Pléann an Comhaontú chomh maith, le stádas slándála sóisialaí oibrithe a chuirtear ag obair go sealadach ó Éirinn chuig Mánainn nó Oileáin Mhuir nlochta agus a mhalairt.

Nóta

Tá feidhm le reachtaíocht éagsúil maidir le Mánainn, maidir le Geirsí agus maidir le Geansaí agus na hoileáin Alderney, Herm agus Jethou. Ar mhaithe le simplíocht, i gcás ina n-úsáidtear an téarma Ríocht Aontaithe sa leabhrán seo, tagraíonn sé de ghnáth do na háiteanna sin go léir.

2. Cé a chlúdaítear faoin gComhaontú seo?

Clúdaíonn an Comhaontú iad siúd a bhfuil ranníocaíochtaí inríofa árachais shóisialta íoctha acu in Éirinn, in Oileán Mhanainn nó in Oileáin Mhuir nlochta. Féadfar íocaíochtaí agus liúntais leasa shóisialaigh ón gComhaontú a íoc le do chleithiúnaithe chomh maith.

3. Cén íocaíochtaí a chlúdaítear faoin gComhaontú?

Is iad seo a leanas na híocaíochtaí leasa shóisialaigh Éireannacha a chlúdaítear faoin gComhaontú:

- Pinsean Stáit (Ranníocach),
- Pinsean Stáit (Eatramhach),
- Pinsean Baintrí nó Baintrí Fir (Ranníocach),
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach),
- Deontas Méala,
- Pinsean Easláine,
- Sochar Breoiteachta,
- Sochar Máithreachais,
- Sochar do Lucht Cuardaithe Fostaíochta, agus
- Sochar Díobhálacha Ceirde.

Chun mionsonraí faoi íocaíochtaí leasa shóisialaigh an Ríochta Aontaithe a áirítear a fháil, déan teagmháil leis an seoladh thíos le do thoil.

Na híocaíochtaí leasa shóisialaigh go léir, lena n-áirítear éilimh phinsin i dTuaisceart Éireann

Department for Work and Pensions
The Pension Service
International Pension Centre
Tyneview Park
Newcastle upon Tyne
England
NE98 1BA

www.thepensionsservice.gov.uk/ipc/home.asp

4. Cén tír a bhfuil ranníocaíochtaí slándála sóisialaí dlite di?

Is í an rialail ghinearálta go n-íocann tú ranníocaíochtaí slándála sóisialaí sa tír ina bhfuil tú ag obair. Luann an Comhaontú, áfach, má fhostaítear tú nó má bhíonn tú féinfhostaithe san dá thír, nach n-íocfaidh tú ranníocaíochtaí ach sa tír ina bhfuil cónaí ort.

Sannacháin shealadacha:

Má chuireann d'fhostóir Éireannach, a bhfuil a phríomháit ghnó lonnaithe in Éirinn, chuig Manainn, nó chuig Oileáin Mhuir nlochth thú ar feadh tréimhse sealadaí, féadfaidh tú leanúint ar aghaidh ag íoc ranníocaíochtaí árachais shóisialta Éireannacha don chéad trí bliana den sannachán. Bíonn feidhm maidir leis seo cibé an leanann tú ar aghaidh ag obair go díreach do d'fhostóir Éireannach nó d'fhochuideachta nó do chuideachta chleamhaithe. Má théann an sannachán ar aghaidh níos faide ná trí bliana, d'fhéadfadh go mbeifeá in ann leanúint ar aghaidh ag íoc ranníocaíochtaí slándála sóisialaí Éireannacha, ach amháin má tá coinníollacha eisceachtúla i gceist agus comhaontú ó údaráis an Ríochta Aontaithe agus na hÉireann faighte agat.

Ar an gcuma chéanna, má chuireann fostóir i Manainn nó in Oileáin Mhuir nlochth duine ar shannachán sealadach chun dul ag obair in Éirinn, leanfaidh sé ar aghaidh ag íoc ranníocaíochtaí ábhartha an Ríochta Aontaithe ar feadh an chéad trí bliana amháin. Má leanann an sannachán ar aghaidh níos faide ná 3 bliana, féadfaidh an duine leanúint ar aghaidh ag íoc ranníocaíochtaí an Ríochta Aontaithe i gcoinníollacha eisceachtúla agus le comhaontú ó údaráis an Ríochta Aontaithe agus na hÉireann.

Más mian leat a thuilleadh eolais a fháil féach leat leathanach 12 chun na sonraí teagmhála a fháil.

5. Conas is féidir liomsa tairbhe a bhaint as an gComhaontú?

Féadfaidh tú cáiliú le haghaidh íocaíochtaí leasa shóisialaigh bunaithe ar thaifead comh-ranníocaíochtaí Éireannacha agus na Ríochta Aontaithe mura bhfuil dóthain ranníocaíochtaí agat ar cheachtar taifead ina aonair.

6. Cén tír a dhéanann na híocaíochtaí slándála sóisialaí?

Íocaíochtaí ó aon tír amháin

Íocann an tír ba dheireanaí inar íoc tú ranníocaíochtaí:

- Deontas Méala,
- Pinsean Easláine,
- Sochar Breoiteachta,
- Sochar Máithreachais,
- Sochar do Lucht Cuardaithe Fostaíochta, agus
- Sochar Díobhálacha Ceirde.

Mar shampla, íocfaidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh in Éirinn deontas méala más é an duine a cailleadh nó an neasghaol an duine deireanach a d'íoc ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh Éireannacha.

Má cháilíonn tú le haghaidh Sochar Máithreachais bunaithe ar thaifead comhbhailithe ranníocaíochtaí, bunófar d'íocaíocht ar do mheántuilleamh in Éirinn sa bhliain ábhartha chánach.

Faoi choinníollacha sonracha, féadfaidh tú aon cheann de na ranníocaíochtaí a liostaítear thuas a fháil fad is a bhíonn cónaí ort sa Ríocht Aontaithe nó le linn tréimhse shealadach a chaitheamh ann.

- Más Sochar do Lucht Cuardaithe Fostaíochta atá i gceist, ní mór 39 ranníocaíochtaí cáilithe a bheith íoctha agat mar fhostaí faoi reachtaíocht na hÉireann.
- Ní fhéadfaidh tú Sochar Breoiteachta a fháil ach suas go ceann 13 seachtaine más oibrí séasúrach tú atá ag fillleadh ar an Ríocht Aontaithe tar éis tréimhse fostaíochta a chaitheamh in Éirinn.

Má tá aon cheann de na híocaíochtaí liostaithe ar leathanach 6 á éileamh agat nó má tá iarratas á dhéanamh agat ar cheann ar bith agus má tá sé beartaithe agat fillleadh ar an tír eile, cuir d'oifig áitiúil leasa shóisialaigh ar an eolas le do thoil sula dtaistealóidh tú.

Íocaíochtaí ó Éirinn agus ón Ríocht Aontaithe

Féadfaidh tú cáiliú le haghaidh íocaíochta ón dá thír ag an am céanna más iad seo a leanas atá i gceist:

- An Pinsean Stáit (Ranníocach)
- An Pinsean Stáit (Eatramhach)
- An Pinsean Baintrí agus Baintrí Fir (Ranníocach).

Má tá 52 ranníocaíocht ÁSPC Éireannach ar a laghad agat ach má tá ort do tháifead ranníocaíochtaí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a chomhbhailiú chun cáiliú le haghaidh pinsin, déanann an Comhaontú foráil do phinsean pro rata Éireannach (comhréireach) atá bunaítear ar an taifead sin.

Úsáidimid an fhoirmle seo a leanas chun an ráta pinsin pro rata atá iníoctha ó Éirinn a ríomh:

Líon iomlán na ranníocaíochtaí Éireannacha

iolraithe faoi

Méid an phinsin atá dlite má íocadh na ranníocaíochtaí go léir in Éirinn

agus roinnte ansin faoi

Líon iomlán na ranníocaíochtaí comhbhailithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Sampla

Tá 5 bliana ranníocaíochtaí inríofa ÁSPC Éireannacha agus 20 bliain ranníocaíochtaí Mhanainn déanta agat.

Líon na ranníocaíochtaí Éireannacha: $5 \times 52 = 260$
(5 bliana Éireannach faoi 52 seachtaine)

lollraithe faoi	383.50
	(in aghaidh ráta cúpla, Eanáir 2009)
Cothrom le	99710
Roinnte faoi 25 x 52 = 1300 (5 + 20 bliain ar an iomlán faoi 52 seachtaine)	
Pinsean Stáit (Ranníocach) dlite	76.70

Tá an sampla seo bunaithe ar an ráta cuí pearsanta pinsin, lena n-áirítear Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe (má bhaineann). Íocfar Méadú do Leanbh Cáilithe, Liúntas Os Cionn 80 Bliain agus Liúntas Maireachtála Aonair, i gcás ina mbaineann, go hiomlán.

Má cháilíonn tú le haghaidh Méaduithe do Leanbh (Leanáí) ón dá thír, ní fhéadfaidh tú iad a fháil ach ón tír ina bhfuil cónaí ort mar phinsinéir.

Íoctar Íocaíocht Chaomhnóra ina hiomláine.

7. An n-imríonn an Comhaontú tionchar ar aon íocaíochtaí a d'fhéadfainnse a fháil ó thír eile?

Ní imríonn. Féadfaidh tú cáiliú le haghaidh íocaíochta faoin gComhaontú seo agus íocaíocht a éileamh fós ó Stát eile AE faoi Rialacháin an AE um Shlándaíl Shóisialach. Ciallaíonn sé sin go bhféadfá cáiliú le haghaidh pinsin ó Stát eile AE agus pinsin faoin gComhaontú seo.

Ní féidir leat, áfach, dhá phinsean Éireannach a éileamh, mar shampla, má cháilíonn tú le haghaidh pinsin bunaithe ar thaifead ranníocaíochtaí comhbhailithe faoin gComhaontú seo agus ceann eile bunaithe ar thaifead ranníocaíochtaí comhbhailithe le Stát eile AE faoi Rialacháin CE. Ina ionad sin, gheobhaidh tú cibé pinsean Éireannach is mó.

8. An féidir liom aon sochair bhreise a fháil le pinsean Éireannach?

Má tá cónaí ort in Éirinn agus má fhaigheann tú pinsean leasa shóisialaigh Éireannach nó na Ríochta Aontaithe, féadfaidh tú cáiliú le haghaidh sochair saor in aisce faoi chóras slándála sóisialaí na hÉireann, faoi réir na ngnáthchoinníollacha. Is iad na scéimeanna seo:

- Pacáiste Sochar Teaghlaigh (Liúntas Leictreachais/Gáis, Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce agus Liúntas Teileafóin),
- Liúntas Breosla (ó mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Bealtaine), agus
- Saorthaisteal.

9. Conas a fhaighim m'íocaíocht?

Má tá cónaí ort in Éirinn:

Má cháilíonn tú, féadfaidh tú íocaíocht Éireannach a fháil:

- ag oifig an phoist a roghnaíodh, nó
- díreach isteach i do chuntas reatha nó cuntas taisce (**ní** i gcuntas morgáiste) ag institiúid airgeadais nó Cuntas Coigilteas de chuid An Post.

Má cháilíonn tú le haghaidh Pinsean Easláinte agus má fhaigheann tú d'íocaíocht ag oifig an phoist agus Aistriú Faisnéise Leictreonaí (EIT) á úsáid, féadfaidh tú leas a bhaint chomh maith as an tSeirbhís Buiséid Teaghlaigh.

Má tá cónaí ort in Oileán Mhanainn nó Oileáin Mhuir nloch

Má cháilíonn tú le haghaidh pinsean Éireannach, gheobhaidh tú íocaíocht le seic, mura n-iarrann tú ar íocaíocht dhíreach chuig institiúid airgeadais Éireannach.

Má tá cónaí ort i dtír eile

Féadfaidh tú do phinsean a fháil trí íocaíocht dhíreach chuig institiúid airgeadais ar bith laistigh den Stát nó lasmuigh de. Déanfar an íocaíocht in airgeadra na tíre a bhfuil cuntas agat inti agus déanfar gach ceithre seachtaine í – seachtain amháin réamhíochta agus trí seachtainí i riaráiste.

10. Cén áit ar féidir liom a thuilleadh eolais a fháil?

Má shíleann tú go mb'fhéidir go mbeifeá incháilithe le haghaidh íocaíochta faoin gComhaontú, déan teagmháil le d'oifig áitiúil leasa shóisialaigh sa tír ina bhfuil cónaí ort.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach, le do thoil, ar www.welfare.ie.

Féadfaidh tú a thuilleadh eolais a fháil in Éirinn faoin gComhaontú mar seo a leanas:

Pinsean Stáit (Ranníocach)

Pinsean Stáit (Eatramhach)

Pinsean Baintrí/Baintrí Fir (Ranníocach)

Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Íosghlao: 1890 500 000 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Pinsean Easláine:

An Rannóg Pinsean Easláine

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort

Íosghlao: 1890 92 77 70 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Deontas Méala – I gcás ina n-íocadh an pinsean cheana féin in Éirinn

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh i Sligeach

Deontas Méala – gach cás eile

Deontas Méala

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort

Íosghlao: 1890 92 77 70 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Sannacháin Shealadacha

Bailiúcháin Speisialta ÁSPC

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Teileafón: (051) 356000

Nóta

D'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Má tá glaoch á dhéanamh ó áit lasmuigh d'Éirinn, diailigh an cód rochtana idirnáisiúnta, ansin an cód tíre 353, agus fág an 0 amach ón gcód limistéir atá san uimhir thuas.

In Oileán Mhanainn, déan teagmháil le:

Department of Health and Social Security of the Isle of Man
Markwell House
Market Street
Douglas
Isle of Man
IM1 2RZ

Teileafón: (má tá cónaí ort in Éirinn): 00 44 1624 685025

Teileafón: (má tá cónaí ort in Oileán Mhanainn); 01624 685025

Facs: 00 44 1624 685030

R-phost: socialsecurity@dhss.gov.im

I nGeirsí, déan teagmháil le:

Employment and Social Security Department
Philip Le Feuvre House
La Motte Street
St Helier
Jersey
Channel Islands
JE4 8PE

Teileafón: (má tá cónaí ort in Éirinn): + 44 1534 445505

Teileafón: (má tá cónaí ort i nGeirsí): 01534 445505

Facs: + 44 1534 445525

R-phost: socialsecurity@gov.je

I nGeansaí, déan teagmháil le:

Social Security Department
Edward T Wheadon House
Le Truchot
St Peter Port
Guernsey
Channel Islands
GY1 3WH

Teileafón: (má tá cónaí ort in Éirinn): 00 44 1481 732500

Teileafón: (má tá cónaí ort i nGeirsí): 01481 732500

Uimhir Facs: 00 44 1481 732501

R-phost: enquiry@ssd.gov.gg